Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2019
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0113(COD)**

9447/1/19
REV 1

TRANS 349
CODEC 1113

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe / an Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9140/19 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 9669/17 + ADD 1-4 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/1/CE maidir le húsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. I mí na Bealtaine 2017, chuir an Coimisiún togra uaidh i láthair chun Treoir 2006/1/CE maidir le húsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar a leasú. Is cuid den chéad phacáiste soghluaisteachta an togra agus tá sé nasctha leis an ollchóiriú atá beartaithe ar rialacha maidir le rochtain ar ghairm an oibreora iompair de bhóthar agus rochtain ar an margadh tarlaithe de bhóthar (Rialacháin Uimh. 1071/2009 agus Uimh. 1072/2009).

2. Le Treoir 2006/1/CE, códaítear rialacha a bhí ann roimhe seo agus déantar foráil do leibhéal íosta oscailte margaidh maidir le húsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar idir na Ballstáit, i gcás gnóthais atá bunaithe ar chríocha an Bhallstáit sin mar aon le gnóthais atá bunaithe i mBallstát eile.

Sa treoir áfach, aithnítear na nithe seo a leanas:

– an úsáid a bhaintear as feithiclí arna bhfruiliú ag gnóthais atá bunaithe ar chríocha Ballstáit, ceadaítear don Bhallstát an úsáid sin a theorannú do na feithiclí sin atá cláraithe sa Bhallstát agus, ina theannta sin, an úsáid a bhaintear as feithiclí arna bhfruiliú ag a bhfuil mais iomlán ualaithe incheadaithe is mó ná sé thona faoi chomhair oibríochtaí ar a gcuntas féin, ceadaítear don Bhallstát an úsáid sin a thoirmeasc;

– tá an treoir teoranta, i gcás gnóthais atá bunaithe i mBallstát eile, d'fheithiclí a fhruiliú atá cláraithe sa Bhallstát céanna sin ar mhaithe le trácht idir na Ballstáit.

3. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Treoir 2006/1/CE a leasú chun, go príomha, na srianta atá ann i láthair na huaire a bhaint agus chun creat aonfhoirmeach soiléir rialála a chur ar bun a thabharfaidh rochtain chomhionann ar mhargadh na bhfeithiclí fruilithe d'oibreoirí iompair ar fud an Aontais Eorpaigh.

## II. AN OBAIR SNA hINSTITIÚIDÍ EILE

4. Cheap Coiste Pharlaimint na hEorpa um Iompar agus um Thurasóireacht (Coiste TRAN) Cláudia Monteiro de Aguiar (EPP, PT) ina rapóirtéir. Ar an 24 Bealtaine 2018, vótáil Coiste TRAN ar son na tuarascála uaithi agus, ar an 15 Eanáir 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh an comhaontú uaithi ina bhfuil 15 leasú[1].

5. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún a dtuairimí ar an 6 Nollaig 2017 agus ar an 1 Feabhra 2018 faoi seach.

## III. AN OBAIR LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE

6. Chuir an Coimisiún an togra uaidh, mar aon leis an measúnú tionchair, i láthair na Meithle um Iompar de Thalamh ar an 1 agus 21 Meitheamh 2017. Tháinig an mheitheal le chéile ar an 7 Iúil, ar an 11 Deireadh Fómhair agus ar an 6 Samhain 2017 faoi Uachtaránacht na hEastóine, agus ar an 26 Feabhra, ar an 20 Márta agus ar an 24 Aibreán 2018 faoi Uachtaránacht na Bulgáire chun mionanailís a dhéanamh ar an togra agus chun plé a dhéanamh ar na comhréitigh ón Uachtaránacht. Níor éirigh leis an gcéad iarracht teacht ar chur chuige ginearálta ag cruinniú den Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh ar an 7 Meitheamh 2018.

[1] Féach 5386/19.

7. Ar an 14, ar an 21 agus ar an 28 Eanáir, ar an 4 Aibreán, agus ar an 2 Bealtaine 2019, phléigh an Mheitheal um Iompar de Thalamh an togra an athuair faoi Uachtaránacht na Rómáine chun comhréiteach ón Uachtaránacht a mheá; tá an leagan is déanaí i gceangal leis seo. Ar an iomlán, d'aithin formhór na dtoscaireachtaí an dul chun cinn maith a rinneadh maidir leis an togra agus chuir cuid díobh i dtreis go bhféadfaí, dá nglacfaí cur chuige ginearálta, déileáil leis an gcomhad seo i gcomhthráth le comhaid ghaolmhara an chéad phacáiste soghluaisteachta nuair a chuirfear tús leis an idirbheartaíocht le Parlaimint na hEorpa. Choimeád dhá thoscaireacht gan athrú an measúnú diúltach a bhí acu ar an togra. Choimeád an Coimisiún forchoimeádas ginearálta maidir le toradh na hidirbheartaíochta.

8. Cé gur údar imní do roinnt mhaith toscaireachtaí fós tionchar an togra ar ioncam ó cháin ar fheithiclí, aithníonn a bhformhór díobh gur féidir leis na Ballstáit, a bhuí leis an gcomhréiteach ón Uachtaránacht, an riosca a theorannú den chuid is mó (Airteagal 1(2), aithrisí 3 agus 4, a chuirtear in ionad Airteagal 3 den Treoir). Bhí toscaireacht amháin den tuairim go bhféadfaí, de thoradh níos mó saoirse a thabhairt isteach maidir le feithiclí fruilithe a chur i gcúrsaíocht, an bonn a bhaint ó na rialacha náisiúnta a bhaineann le clárú feithiclí agus, anuas air sin, theastaigh ó thoscaireacht eile an togra a scrúdú a thuilleadh i bhfianaise rialacha náisiúnta a glacadh le déanaí.

9. Maidir leis an úsáid trasteorann a bhaintear as feithiclí arna bhfruiliú ag gnóthais atá bunaithe i mBallstát eile (Airteagal 1(1), aithris 4a, lena leasaítear Airteagal 2 den Treoir), d'fhéadfadh bunús na dtoscaireachtaí glacadh leis an tsolúbthacht mhéadaithe. Chuir roinnt mhaith toscaireachtaí i dtreis a thábhachtaí agus atá bearta éifeachtacha rialaithe sa chomhthéacs sin, go háirithe chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cabatáiste. I ndáil leis sin, thug formhór na dtoscaireachtaí le fios gur mheas siad go raibh an úsáid a bhaintear as Clár Eorpach na nGnóthas Iompair de Bhóthar (ERRU)[2] (Airteagal 1 (2a), aithrisí 5b agus 5c, lena gcuirtear Airteagal 3a nua sa Treoir) réasúnach, bíodh is gur bhraith cuid díobh go raibh ró-ualach oibre ag baint leis agus nach raibh sé sách éifeachtach. Chuir roinnt toscaireachtaí i dtreis go ndéanfaí nuashonrú níos iomláine ar chóras ERRU nuair a ghlacfar na hathruithe ar Rialachán Uimh. 1071/2009 laistigh den chéad phacáiste soghluaisteachta, agus d'áitigh siad go ndéanfaí na nuashonruithe faoi seach a uainiú ar bhealach comhordaithe.

[2] Clár Eorpach na nGnóthas Iompair de Bhóthar, córas lena n-áirithítear idirnascadh na gclár náisiúnta leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 16(5) agus (6) de Rialachán Uimh. 1071/2009.

10. Phléigh Coiste na mBuanionadaithe an comhréiteach ar an 15 Bealtaine 2019. Ar thaobh amháin de, thug a lán toscaireachtaí le fios go raibh siad sásta tacaíocht a thabhairt don chomhréiteach, d'ainneoin rioscaí áirithe a bheith ann fós maidir le hioncam cánach, cuir i gcás, agus rialú oibríochtaí iompair de bhóthar a dhéantar i mBallstáit eile. Os a choinne sin, dúirt cuid mhaith toscaireachtaí go raibh siad in amhras an bhféadfaí cur chuige ginearálta a bhaint amach faoi mhí an Mheithimh 2019. Chuir cuid de na toscaireachtaí forchoimeádas grinnscrúdaithe diúltach isteach maidir le raon feidhme oibleagáid an Choimisiúin meastóireacht a dhéanamh ar ioncam cánach (Airteagal 1(3), Airteagal 5a nua na Treorach). Tar éis an chruinnithe, chinn an Uachtaránacht gurbh iomchuí tuarascáil ar dhul chun cinn a bheith mar bhonn don phlé ar leibhéal na Comhairle.

## IV. CONCLÚIDÍ

11. Measann an Uachtaránacht, a bhuí leis an dul chun cinn maith a rinneadh, gur tháinig laghdú breise ar údar imní na mBallstát agus, san am céanna, gur coinníodh na heilimintí is tábhachtaí de chuspóirí an Choimisiúin.

a) Chun fo-éifeachtaí neamhbheartaithe a sheachaint, is féidir leis na Ballstáit feithiclí atá cláraithe i mBallstáit eile arna bhfruiliú ag gnóthais dá gcuid a theorannú do 30 lá in aghaidh na bliana féilire agus/nó do 25 % den fhlít feithiclí. Leis an ngearrthréimhse íosta sin, ba cheart a bheith in ann rialacha náisiúnta i leith clárú feithiclí a chosaint agus creimeadh ar an mbonn cánach a sheachaint. A bhuí leis an bhféidearthacht teorainn a chur le fruiliú feithiclí tráchtála éadroma le haghaidh oibríochtaí ar a gcuntas féin, tugtar cosaint bhreise. D'fhéadfaí an ghné sin a shíneadh chuig tuarascáil mheastóireachta an Choimisiúin, chun faireachán cuimsitheach ar thionchar na n-ioncam cánach a áirithiú.

b) Ní mór cóip dhílis dheimhnithe den cheadúnas Comhphobail a sholáthar do na feithiclí, nuair a cheanglaítear sin faoi Rialachán Uimh. 1072/2009, lena áirithiú nach mbainfear mí-úsáid as feithiclí fruilithe ag gnóthais atá bunaithe i mBallstáit eile chun teacht timpeall ar rialacha maidir le rochtain ar an margadh. Ina theannta sin, beidh rochtain ag na Ballstáit ar fhaisnéis faoi chláruimhreacha fheithiclí fruilithe trí chomhéadan an Aontais de chláir náisiúnta leictreonacha, ERRU. De bharr go ndéanfar ollchóiriú ar chóras ERRU le Rialachán Uimh. 1071/2009 (Airteagal 16)[3], tá sa chomhréiteach oibleagáid faisnéis faoi chláruimhreacha feithiclí fruilithe a chur sa chlár náisiúnta.

[3] Féach an cur chuige ginearálta i ndáil leis an togra a bhaineann le Rialachán Uimh. 1071/2009, doiciméad 15084/18, lch. 16.

12. Tugann an Uachtaránacht dá haire go bhfuil béim curtha ag a lán toscaireachtaí ar an nasc chuig na príomhchomhaid den chéad phacáiste soghluaisteachta. Tá dhá chéim sa nasc seo: ar an gcéad dul síos, go teicniúil, a riachtanaí atá sé feabhas a chur ar an malartú faisnéise idir na Ballstáit chun faireachán agus rialú a fheabhsú; agus, ar an dara dul síos, i dtéarmaí na díospóireachta polaitiúla ginearálta maidir le rochtain ar an margadh agus na srianta atá ann. Ghlac Parlaimint na hEorpa seasaimh ar an gcéad léamh ar na comhaid go léir lena mbaineann. Bhunaigh an Chomhairle cur chuige ginearálta maidir le trí thogra ón gcéad phacáiste soghluaisteachta[4], ach níor bhunaigh sí seasamh fós maidir leis an togra i dtaca le feithiclí fruilithe. Cé go n-aithníonn na toscaireachtaí i gcoitinne go bhfuil an nasc sin tábhachtach, tugann an Uachtaránacht dá haire freisin go bhfuil tuairimí éagsúla curtha in iúl acu maidir leis an am trátha chun bogadh ar aghaidh ar an gcomhad sin, bíodh sé sin i gcomhthráth leis na comhaid eile nó mar chéim eile ina dhiaidh sin.

13. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis an gcomhad a thabhairt dá n-aire.

---

4 Féach 15084/18.

**IARSCRÍBHINN**

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2006/1/CE maidir le húsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[5],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[6],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I dTreoir 2006/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], déantar foráil maidir le leibhéal íosta oscailte an mhargaidh le haghaidh úsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar.

---

**5** IO C , , lch. .

**6** IO C , , lch. .

**7** Treoir 2006/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le húsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar (leagan códaithe) (IO L 33, 4.2.2006, lch. 82).

(2) Trí fheithiclí fruilithe a úsáid, is féidir na costais ar ghnóthais as earraí a iompar ar a gcuntas féin nó ar fruiliú agus ar luaíocht a laghdú agus cur lena solúbthacht oibríochtúil san am céanna. Uime sin, is féidir cur le táirgiúlacht agus iomaíochas na ngnóthas lena mbaineann. Anuas air sin, ós rud é, de ghnáth, gur óige na feithiclí fruilithe ná an gnáthfhlít, is gnách freisin iad níos sábháilte agus níos lú truaillithe á dhéanamh acu.

(3) Faoi Threoir 2006/1/CE, ní féidir le gnóthais leas iomlán a bhaint as na buntáistí a bhaineann le feithiclí fruilithe a úsáid. Leis an Treoir sin, ceadaítear do na Ballstáit srian a chur le húsáid feithiclí fruilithe ag gnóthais atá bunaithe ar a gcríocha faoi seach, feithiclí ar mó ná sé thona a n-uasmheáchan ualaithe incheadaithe faoi chomhair oibríochtaí ar a gcuntas féin. Thairis sin, níl ceangal ar na Ballstáit úsáid feithiclí fruilithe ar a gcríoch féin a cheadú i gcás inar cláraíodh an fheithicil nó inar cuireadh i gcúrsaíocht í i gcomhréir leis na dlíthe atá i bhfeidhm i mBallstát eile seachas Ballstát bunaíochta an ghnóthais a bhfuil an fheithicil fruilithe aige.

(4) Ionas gur mó an leas a fhéadfaidh gnóthais a bhaint as na buntáistí a ghabhann le feithiclí fruilithe a úsáid, ba cheart an deis a bheith acu feithiclí arna bhfruiliú in aon Bhallstát a úsáid seachas feithiclí arna bhfruiliú i mBallstát bunaíochta na ngnóthas sin amháin. Dá réir sin, b'fhusa dóibh freastal go háirithe ar phointí buaicéilimh gearrthéarmacha, sealadacha nó séasúracha nó feithiclí lochtacha nó damáistithe a athsholáthar.

(4a) Níor cheart cead a bheith ag na Ballstáit srian a chur ar a gcríocha faoi seach le húsáid feithicle arna fruiliú ag gnóthas atá bunaithe ar chríoch Ballstáit eile, ar choinníoll go bhfuil an fheithicil cláraithe nó curtha i gcúrsaíocht i gcomhréir le dlíthe aon Bhallstáit agus, más feithicil í lena gceanglaítear cóip dhílis dheimhnithe den cheadúnas Comhphobail i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009, go bhfuil sí údaraithe lena húsáid ag Ballstát bunaíochta an ghnóthais trí bhíthin na cóipe dílse deimhnithe sin.

(5) Is mór i gcónaí idir na leibhéil chánach ar iompar de bhóthar atá i bhfeidhm ó Bhallstát go chéile. Dá bhrí sin, tá údar maith fós le srianta áirithe, a dhéanann difear go hindíreach freisin don tsaoirse chun seirbhísí fruilithe feithiclí a chur ar fáil, tá údar maith leo fós d'fhonn saobhadh fioscach a sheachaint. Dá thoradh sin, ba cheart rogha a bheith ag na Ballstáit teorainn a chur leis an bhfad ama a fhéadfaidh gnóthas atá bunaithe ar a gcríocha faoi seach úsáid a bhaint as feithicil fruilithe arna clárú nó arna cur i gcúrsaíocht i mBallstát eile. Ba cheart cead a bheith acu freisin teorainn a chur le líon na bhfeithiclí den sórt sin arna bhfruiliú ag gnóthas atá bunaithe ar a gcríocha faoi seach.

(5a) Chun forfheidhmiú srian ar úsáid feithiclí fruilithe a cláraíodh nó a cuireadh i gcúrsaíocht a fheabhsú, i gcomhréir le dlíthe Ballstáit seachas Ballstát bunaíochta an ghnóthais a bhfuil an fheithicil fruilithe aige, ba cheart cead a bheith ag Ballstát a cheangal nach mbeidh fad an chonartha fruilithe níos faide ná an fad ama a cheadaítear chun an fheithicil lena mbaineann a úsáid. Ina theannta sin, is féidir an bhailíocht a ghabhann le cóipeanna dílse deimhnithe den cheadúnas Comhphobail arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 a theorannú don tréimhse a chomhfhreagraíonn d'fhad an chonartha fruilithe. Thairis sin, is féidir cláruimhir na feithicle fruilithe a chur in iúl ar na cóipeanna dílse deimhnithe sin.

(5b) Níor cheart, trí fheithiclí fruilithe a chur i gcúrsaíocht, bac a chur ar an bhfaireachán agus ar an rialú a dhéantar ar dhlíthiúlacht na n-oibríochtaí arna ndéanamh ag oibreoirí i mBallstáit seachas a mBallstát bunaíochta. I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, ba cheart d'oibreoirí cláruimhir gach mótarfheithicle atá ar fáil dóibh a chur in iúl d'údaráis an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe, ionas gur féidir an fhaisnéis sin a chur isteach sa chlár náisiúnta leictreonach. Foráiltear leis an Rialachán sin dá inrochtana atá na sonraí atá sna cláir náisiúnta leictreonacha ag údaráis Ballstát eile; ba cheart a bheith in ann cuardach spriocdhírithe a dhéanamh sna cláir náisiúnta leictreonacha a mhéid a bhaineann le feithiclí a bhfuil cláruimhir acu seachas na cinn arna n-eisiúint ag an mBallstát bunaíochta.

(5c) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar an oibleagáid faisnéis a chur ar fáil maidir le cláruimhir feithicle fruilithe sa chlár náisiúnta leictreonach ar bhealach aonfhoirmeach, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a bhaineann leis na híoscheanglais maidir leis na sonraí atá le clárú sa chlár náisiúnta leictreonach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8].

(6) Chun gur féidir oibríochtaí iompair ar a gcuntas féin a dhéanamh ar bhonn níos éifeachtúla, níor cheart cead a bheith ag na Ballstáit a thuilleadh srian a chur leis an bhféidearthacht feithiclí fruilithe a úsáid faoi chomhair oibríochtaí den sórt sin. Chun saincheisteanna fioscacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn a sheachaint, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann, faoi chomhair oibríochtaí iompair ar a gcuntas féin, teorainn a chur leis an úsáid a bhaintear as feithicil ag a bhfuil mais uasta ualaithe incheadaithe nach mó ná 3.5 tona má tá an fheithicil cláraithe lasmuigh de Bhallstát bunaíochta an ghnóthais atá á húsáid.

(7) Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus iarmhairtí na Treorach seo agus iad a dhoiciméadú i bhfoirm tuarascála. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt sa tuarascáil ar cibé acu ar baineadh úsáid as feithiclí níos sine nó as cineálacha áirithe feithiclí mar thoradh ar an Treoir seo agus ar imríodh tionchar ar shábháilteacht ar bhóithre leis sin agus ar cibé acu ar bhain deacrachtaí lena forfheidhmiú, forfheidhmiú rialacha cabatáiste san áireamh. Ba cheart aon ghníomhaíocht a dhéanfar feasta sa réimse sin a mheas i bhfianaise na tuarascála sin.

(8) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit féin cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr nádúr trasteorann an iompair de bhóthar agus na saincheisteanna ar de chúram na Treorach seo iad, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(9) Ba cheart Treoir 2006/1/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

---

**8** Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún, IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 2006/1/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

"Ceadóidh gach Ballstát ar a chríoch féin úsáid feithiclí arna bhfruiliú ag gnóthais atá bunaithe ar chríoch Ballstáit eile ar choinníoll go ndéantar an méid seo a leanas:";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) tá an fheithicil cláraithe nó curtha i gcúrsaíocht i gcomhréir le dlíthe aon Bhallstáit agus úsáidtear í i gcomhréir le forálacha Rialacháin (CE) Uimh. 1071/2009 agus (CE) Uimh. 1072/2009 i mBallstát bunaíochta an ghnóthais atá á húsáid, más infheidhme.".

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

*"Airteagal 3*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfaidh gnóthais atá bunaithe ar a gcríocha faoi seach feithiclí fruilithe a úsáid chun earraí a iompar de bhóthar faoi na coinníollacha céanna a bhaineann le feithiclí ar leo féin iad, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 2.

2. I gcás ina ndéantar an fheithicil fhruilithe a chlárú nó a chur i gcúrsaíocht i gcomhréir le dlíthe Ballstáit eile, féadfaidh Ballstát bunaíochta an ghnóthais:

a) teorainn ama a chur le húsáid na feithicle fruilithe ar a chríoch faoi seach ar choinníoll go gceadóidh sé don ghnóthas céanna an fheithicil fhruilithe a úsáid ar feadh tréimhse 30 lá i ndiaidh a chéile in aon bhliain féilire ar leith; sa chás sin, féadfar a cheangal nach mairfidh an conradh fruilithe níos faide ná an teorainn ama a leagtar síos ag an mBallstát;

b) teorainn a chur le líon na bhfeithiclí fruilithe is féidir le gnóthas a úsáid ar choinníoll go gceadaíonn sé líon íosta feithiclí a úsáid. Is é atá i gceist leis an líon íosta sin 25 % ar a laghad d'fhlít feithiclí earraí ar leis an ngnóthas é an 31 Nollaig den bhliain roimh an iarraidh ar údarú chun an fheithicil fhruilithe a úsáid. I gcás gnóthas a bhfuil flít níos nó ná feithicil amháin agus níos lú ná ceithre fheithicil ina iomláine aige, féadfaidh sé feithicil fhruilithe amháin ar a laghad a úsáid;

c) teorainn a chur leis an úsáid a bhaintear as feithicil mar sin ag a bhfuil mais uasta ualaithe incheadaithe nach mó ná 3.5 tona má tá an fheithicil cláraithe lasmuigh de Bhallstát bunaíochta an ghnóthais atá á húsáid."

(2a) cuirtear isteach an tAirteagal 3a seo a leanas:

*"Airteagal 3a*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirtear an fhaisnéis maidir le cláruimhir feithicle fruilithe isteach sa chlár náisiúnta leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009.

Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na híoscheanglais maidir leis na sonraí atá le clárú sa chlár náisiúnta leictreonach. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 5b(2)."

(3) cuirtear isteach Airteagal 5a agus 5b seo a leanas:

*"Airteagal 5a*

Faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 5 bliana tar éis an spriocdháta chun an Treoir a thrasuí], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme agus iarmhairtí na Treorach seo. Áireofar sa tuarascáil sin faisnéis faoi úsáid feithiclí arna bhfruiliú i mBallstát eile seachas Ballstát bunaíochta an ghnóthais a bhfuil an fheithicil fruilithe aige. Tabharfar aird sa tuarascáil freisin ar na tionchair ar shábháilteacht ar bhóithre, [ar ioncam cánach] agus ar fhorfheidhmiú na rialacha cabatáiste i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009. Ar bhonn na tuarascála sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú arís an gá bearta forlíontacha a mholadh.

*Airteagal 5b*

1. Déanfaidh an Coiste arna bhunú le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar cúnamh a thabhairt don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011."

*Airteagal* 2

3. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 24 mhí tar éis dháta a teachta i bhfeidhm] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún gan mhoill.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

4. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |